



1. Réamhrá:

1.1 Féinmheastóireacht Bunaithe ar Litearthacht sa Bhéarla. Deineadh féinmheastóireacht scoile ar mhúineadh agus ar fhoghlaim an Bhéarla ó 1/9/13 go dtí 1/9/14. Seo tuairisc ar cad atá tagtha chun solais sa tréimhse thuas luaite.

1.2 Comhthéasc na Scoile

Scoil lán ghaeilge is ea Scoil an Duinnínigh faoi choimirce an ard-easpaigh i dtuairceart Átha Cliath. Tá 397 daltaí ar an rollaí faoi láthair. Tá príomhoide, 14 múinteoir ranga, beirt mhúinteoir tacaíocht foghlama chomh maith le beirt SNA agus múinteoir acmhainne ag obair i bhfoirgneamh úr-nua.

Déantar tástálacha caighdeánacha gach bhliain:- a leithéidí MICRA-T, SIGMA-T, Triail Gaeilge Dhroim Conrach, NRIT, MIST agus BIAP gach bliain.

Tá an scéim ‘Wonderland’ in úsáid tríd an scoil go léir.

2. Meastóireacht Scoil Uile

2.1 Seo sliocht ón tuairisc ar an Meastóireacht Scoile Uile a d’eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an data 25 Samhain 2011

“Tá caighdeán ard bainte amach ag mórán daltaí i ngach mír den Bhéarla” i Scoil an Duinnínigh.

Baineann caighdeán ard le teagasc agus foghlaim an Bhéarla. Tá gníomhaíochtaí teanga ard-oird ag cothú deiseanna saibhre foghlama. Múintear scileanna léitheoireachta sna rangana sóisearacha le cumas ar leith trí phleanáil mhaith a dhéanamh d’fhorbairt na fóineolaíochta agus an fhoclóra. Moltar an obair seo a cheangal a thuilleadh le fíorleabhair. Léann cuid mhaith daltaí le líofacht agus pléann said an t-ábhar léitheoireachta le tuiscint agus sonas. Tá dea-caighdeán ag baint le múineadh na filíochta: múintear dánta le cruthaitheacht agus le samhlaíocht agus is éifeachtach mar a spreagtar daltaí le dul i mbun cumadóireachta. Déantar scríbhneoireacht chruthaitheach na ndaltaí a cheiliúradh trí thaispeantais agus fhoilsiúchán. Bhain caighdeán ard le cuid mhaith den obair scríofa a

chonacthas le linn na meastóireachta.

De thairbhe sin, bheartaigh na múinteoirí leanúint ar aghaigh leis na Scileanna agus na Straitéisí Forbartha céanna a d'oibrigh go dtí seo i dtaobh múinte agus i dtaobh foghlama an Bhéarla. In éineacht leis na moltaí thuas luaite a chur i bhfeidhm, beidh béim curtha ar bhunú agus ar riarachán Leabharlann Úr-nua Scoile.

- 2.2 Tá scóranna ard-oird gnóthaithe ag daltaí Scoil an Duinnínigh i léitheoireacht sa Bhéarla i gcomparáid leis na Noirm Naisiúnta:

PERCENTILE RANK

2013 - Micra T

< 2 nd %	3 rd ⇔ 16 th %	17 th ⇔ 50 th %	50%+
0.47%	≈ 2.37%	25.6%	71.6%

2014 - Micra T

2 nd %	3 rd ⇔ 16 th %	17 th ⇔ 50 th %	50%+
1.26%	4.64%	22.36%	71.72%

National Norm:

2 nd %	3 rd ⇔ 16 th %	17 th ⇔ 50 th %	50%+
2%	14%	34%	50%

Dearbhaíonn na torthaí seo go bhfuil breis is seachtar páiste as gach deichniúir 7/10 ag léamh ar chumas níos airde ná an meán náisiúnta. Tá fíor bheagán páistí le deacrachtaí faoi leith sa léitheoireacht (1.26 as 100).

3. Cur Chuige

Chun leanúint ar aghaidh leis an dea-obair, táimid chun:-

- ~ Leanúint le h-Atmaisféar Cruthaitheach Scríbhneoireachta agus Léitheoireachta a ghnóthú sa scoil.
- ~ Tuisceint ar Fhóinéimí a fhorbairt ón naionáin ar aghaidh tríd na ranganna go léir.
- ~ Tuilleadh bearta Úrscéalta a chur ar fáil do na ranganna agus fíor-leabhair a léamh.
- ~ Leanúint ar aghaidh le scríobhneoireacht cruthaitheach na bpáistí a

thaispeáint agus a fhoilsiú.

- ~ Leanúint le Seachtain na Leabhar.
- ~ Feachtais a chur ar bun (an ‘Readathon’ mar shampla) i dtréimhse faoil leith gach bliain chun suim sa léitheoireacht a fhorbairt sna páistí.
- ~ An Leabharlann Scoile a úsáid go minic agus clár-ama scoile a chur ar fáil.
- ~ Abairtí agus Ailt le haghaidh deachtóireachta a úsáid in éineacht le ‘My Spelling Workbook’ chun litriú a mhúineadh. ‘Spelling Bee’ a bhunú do Rang 6
- ~ Cuairteoirí a mhealladh isteach ó am go h-am le horáidí a thabhairt do na daltaí agus labhairt leo faoi léitheoireacht/scribhneoireacht & r1 (len iad a spreagadh)
- ~ Straitéisí do pháistí le ligeachtaí – PAT, DOLCH, Toe by Toe, SNIP a úsáid.
- ~ ‘Reading Buddy’; leanúint leis an scéim seo sna bun-ranganna.
- ~ Béim ar scríbhneoireacht reatha ó Naíonáin ar aghaidh.
- ~ Tuismitheoirí a chur ar an eolas láithreach má aithnítear deacrachtaí.

Monatóireacht:

Déanfaimid iniúchadh géar ar thorthaí an MICRA-T gach bliain. Is féidir athbhreithniú a dhéanamh má thagann ligeachtaí áirithe chun solais. Táimid cinnte má leanfaimid leis an gcur chuige seo go mbeimid in ann ná gnóthachtála arda a choinneáil sa Bhéarla.